# Craobh chicdhornálaíochta

Meánleibhéal 1 (B1)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi chraobhacha cicdhornálaíochta (*kickboxing titles*). Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| cicdhornálaíocht<br>craobh / craobhacha<br>troid | *on the card*<br>*round*<br>*challenging* |

1. Cad a dhéanann tú féin nuair a bhíonn am saor agat?
2. An duine mór spóirt thú?
3. An dtaitníonn cicdhornálaíocht leat? Cén fáth?
4. Cad a cheapann tú faoi na spóirt lánteagmhála (*full-contact*) eile sna híomhánna thíos?



# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. gairmiúil | *a. let alone, not to mention* |
| 2. sin a mheall | *b. when necessary* |
| 3. plúr na dtrodaithe | *c. surgery* |
| 4. ní áirím | *d. reach, hand's length* |
| 5. fíochmhar | *e. big paws* |
| 6. máinliacht | *f. the choicest / best of fighters* |
| 7. dúshlán | *g. professional* |
| 8. an lámh in uachtar | *h. challenge* |
| 9. fad láimhe | *i. slipping, sliding* |
| 10. sciorradh | *j. the upper hand* |
| 11. lapaí móra | *k. that's what attracted* |
| 12. nuair ba ghá | *l. fierce* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. Meaitseáil na téarmaí cicdhornálaíochta seo anois:

| | |
|---|---|
| 1. cárta | *a) lightweight* |
| 2. babhta | *b) round* |
| 3. fáinne | *c) card, programme, line-up* |
| 4. éadrom-mheáchan | *d) bantamweight* |
| 5. breith mhóraimh | *e) split decision* |
| 6. coileachmheáchan | *f) ring* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

3. Má chiallaíonn 'cothaigh' *nurture* agus 'múnlaigh' *shape*, cad is brí leis an abairt thíos?

'Tá trodaithe fíochmhara á gcothú agus á múnlú go háitiúil aige.'

______________________________________________

# C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR (ceist 1 amháin) chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Speisialtóir i ________________ inchinne í Giulia Comini.
- Dhá throid de chraobh náisiúnta ina measc agus babhta ________________ idir Gaillmheach agus Úcránach - ______________________ na sluaite go dtí Óstán an Ardoileáin.
- D'éirigh le hOisín scóráil ______________________, nuair a d'éirigh leis _______________ faoi ________________ a iomaitheora.
- Meallann Cumann *Black Dragon* _________________________ idirnáisiúnta agus náisiúnta, ____________ gach trodaí _______________ áitiúil freisin a mheallann sé.
- Bhí Oisín Concannon ag tabhairt ________________________*Caelin Gilsenan. (* = séimhiú)
- Bhí ________________ ag Caelin go minic mar bhí ________________ níos fearr aige ná mar a bhí ag Oisín.

2. Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos.

a. Cad a bhí ar siúl in Óstán an Ardoileáin ag an deireadh seachtaine?

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| i | 17 dtroid chicdhornálaíochta | ii | 2 throid chicdhornálaíochta | iii | 9 dtroid chicdhornálaíochta |

b. Duine de phlúr na dtrodaithe é Pete Foley.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| i | fíor | ii | bréagach | iii | ní deirtear |

c. Bhí Giulia Comini agus Chloe Keogh ag troid ar son chraobh éadrom-mheáchain ISKA. Cén cineál troda a bhí ann?

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| i | bhí Giulia chun cinn i dtús | ii | coimhlint ghéar a bhí inti | iii | bhí Chloe i bhfad níos láidre |

d. Tá Faith Foley agus Giulia Comini mór le chéile.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| i | fíor | ii | bréagach | iii | ní deirtear |

e. Cén fáth a raibh an lámh in uachtar ag Caelin ag an tús?

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| i | bhí sé níos cliste | ii | bhí sé níos tapúla | iii | bhí sé níos airde |

f. Cé a bhuaigh an troid sin ag an deireadh?

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| i | fear as Tamhlacht | ii | fear as Gaillimh | iii | fear as Cill Mhantáin |

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Saibhreas teanga (Na haidiachtaí)

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cad a tharlaíonn don aidiacht tar éis na réimíreanna **an-**; **ró**. Líonaigí an tábla leis an bhfoirm cheart de na réimíreanna (le nó gan fleiscín) agus de na haidiachtaí. Tá an chéad cheann déanta daoibh.

| | **maith** | **casta** | **olc** | **sásta** | **deacair** | **te** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **an** | an-m**h**aith | | | | | |
| **ró** | róm**h**aith | | | | | |

b) Cén bhreischéim agus cén tsárchéim atá ag na haidiachtaí thíos:

| **Aidiacht** | **Breischéim / sárchéim na haidiachta** |
|---|---|
| maith | níos / is fearr |
| olc | níos / is |
| beag | níos / is |
| mór | níos / is |
| fliuch | níos / is |
| fuar | níos / is |
| breá | níos / is |
| álainn | níos / is |
| te | níos / is |
| saibhir | níos / is |
| deacair | níos / is |

## 2: Cruinneas gramadaí (Ceisteanna san aimsir chaite)

Féach ar na ceisteanna thíos atá sa aimsir chaite agus roghnaigh an leagan ceart den bhriathar 'bí' le haghaidh gach ceiste.

Cén áit **a bhí / a raibh** ______________ an cheolchoirm ar siúl?
Cén cineál ceoil **a bhí / a raibh** ______________ ann?
Cén lá a **bhí / a raibh** ______________ sí ar siúl?
Cén dáta **a bhí / a raibh** ______________ ann?
Cén t-am **a thosaigh / ar thosaigh** ______________ sí?
Cé mhéad **a chosain / ar chosain** ______________ ticéad?
Conas **is féidir / ar féidir** ______________ liom níos mó eolais a fháil?

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag tabhairt faoi dhá rólghníomhaíocht. Tabharfaidh an teagascóir na cártaí cuí daoibh.

Sula tosóidh sibh:

a) Caithigí tamall ag ullmhú don ghníomhaíocht – ag léamh an eolais ar na cártaí agus ag smaoineamh ar na ceisteanna agus ar na freagraí cuí.

b) Bígí cinnte ceisteanna iomlána a chumadh. Mar shampla: Cá raibh tú ag an deireadh seachtaine? Cad a bhí ar siúl i nGaillimh ag an deireadh seachtaine?

c) Déanaigí forbairt ar bhur chuid freagraí, chomh fada agus is féidir.

Rólghníomhaíocht 1

**Duine A**: Bhí tú i nGaillimh ag an deireadh seachtaine agus chuaigh tú chuig troid chicdhornálaíochta. Tá an t-eolas a bhaineann leis an troid sin ar do chárta. Beidh an duine in aice leat ag cur ceisteanna ort faoi.

**Duine B**: Chuaigh do chara chuig troid chicdhornálaíochta agus ba mhaith leat eolas a fháil faoin ócáid. Líon na bearnaí ar do chárta féin trí cheisteanna a chur ar an duine in aice leat.

Rólghníomhaíocht 2

**Duine A**: Bhí tú i gCathair Chorcaí ag an deireadh seachtaine agus chuaigh tú chuig cluiche cispheile. Tá an t-eolas a bhaineann leis an gcluiche sin ar do chárta. Beidh an duine in aice leat ag cur ceisteanna ort faoi.

**Duine B**: Chuaigh do chara chuig cluiche cispheile agus ba mhaith leat eolas a fháil faoin ócáid. Líon na bearnaí ar do chárta féin trí cheisteanna a chur ar an duine in aice leat.

## 2: Scríobh

Roghnaigh troid chicdhornálaíochta nó cluiche cispheile agus samhlaigh gur fhreastail tú ar an imeacht sin. Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta faoin ócáid. Is leor cúig abairt nó mar sin.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

### 3: Cad a d’fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d’fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| **Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:** |
|---|
| |

# AN SCRIPT

**Maolra Mac Donnchadha**
Bhí ócáid mhór chicdhornálaíochta i nGaillimh ag an deireadh seachtaine agus dhá chraobh náisiúnta le bronnadh. Bhí an dá throid ar chárta a bhí eagraithe ag an gcumann *Black Dragon*.

**Ruairí Mac Con Iomaire**
Seacht dtroid déag de bhuachaillí, cailíní, fir agus mná. Dhá throid de chraobh náisiúnta ina measc agus babhta gairmiúil freisin idir iomaitheoir as Gaillimh agus fear crua ón Úcráin atá lonnaithe i dTrá Lí. Sin a mheall na sluaite go hÓstán an Ardoileáin do cheann de chártaí móra náisiúnta na bliana. Is é Pete Foley atá i mbun Chumann *Black Dragon* na Gaillimhe le fada agus plúr na dtrodaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta meallta siar aige thar na blianta – ní áirím na trodaithe fíochmhara atá á gcothú agus á múnlú go háitiúil aige.

**Faith Foley, Cumann Black Dragon na Gaillimhe**
Bhí mé beagán neirbhíseach ach sa chéad *round* fuair mé an bua, stop mé an cailín agus…

**Ruairí Mac Con Iomaire**
Is dochtúir leighis í Giulia Comini i nGaillimh, speisialtóir i máinliacht inchinne, go deimhin. Ach nuair a théann sí sa bhfáinne[1] is máinliacht eile ar fad a bhíonn ar siúl aici. Bhí sí ag troid Chloe Keogh as Luimneach do chraobh éadrom-mheáchan ISKA (*International Sport Kickboxing Association*) na hÉireann. An bheirt bhan ag tabhairt gach a raibh acu. Ach ar deireadh, tar éis breith mhóraimh, is í bean Luimnigh a bhí ag ceiliúradh.

**Faith Foley, Cumann Black Dragon na Gaillimhe**
Beirt de mo chairde – cara an-mhaith í Giulia, bhí sí ag troid ansin agus bhí sí ag troid le haghaidh Chraobh na hÉireann agus ní bhfuair sí an bua, faraor. Ach bhí troid an-mhaith aici …

**Ruairí Mac Con Iomaire**
Bhí Oisín Concannon na Gaillimhe ag tabhairt dhúshlán Caelin Gilsenan Chill Mhantáin do Chraobh Choileachmheáchain IKF (*International Kickboxing Federation*) na hÉireann. Agus cé go raibh an lámh in uachtar, b'fhéidir, ag fear Chill Mhantáin sa gcéad bhabhta agus buntáiste airde agus fad láimhe aige, de réir mar a chuaigh an troid ar aghaidh, d'éirigh le fear na Gaillimhe sciorradh isteach faoina lapaí móra agus a chuid scórála a dhéanamh nuair ba ghá. An toradh faighte ag an bhfear áitiúil agus nárbh é a bhí sásta?

Ruairí Mac Con Iomaire, Nuacht TG4.

[1] Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| gairmiúil | *professional* |
| sin a mheall | *that's what attracted* |
| plúr na dtrodaithe | *the choicest / best of fighters* |
| ní áirím | *let alone, not to mention* |
| fíochmhar | *fierce* |
| máinliacht | *surgery* |
| dúshlán | *challenge* |
| an lámh in uachtar | *the upper hand* |
| fad láimhe | *slipping, sliding* |
| sciorradh | *reach, hand's length* |
| lapaí móra | *big paws* |
| nuair ba ghá | *when necessary* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| g | k | f | a | l | c | h | j | d | i | e | b |

2. Freagraí:

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| c | b | f | a | e | d |

3. "Fierce fighters are being nurtured and shaped by him at a local level."

## C: TUISCINT

1. Freagraí:

- Speisialtóir i **máinliacht** inchinne í Giulia Comini.
- Dhá throid de chraobh náisiúnta ina measc agus babhta **gairmiúil** idir Gaillmheach agus Úcránach – **sin a mheall** na sluaite go dtí Óstán an Ardoileáin.
- D'éirigh le hOisín scóráil **nuair ba ghá**, nuair a d'éirigh leis **sciorradh** faoi **lapaí móra** a iomaitheora.
- Meallann Cumann *Black Dragon* **plúr na dtrodaithe** idirnáisiúnta agus náisiúnta, **ní áirím** gach trodaí **fíochmhar** áitiúil freisin a mheallann sé.
- Bhí Oisín Concannon **ag tabhairt dhúshlán** Caelin Gilsenan.
- Bhí **an lámh in uachtar** ag Caelin go minic mar bhí **fad láimhe** níos fearr aige ná mar a bhí ag Oisín.

2. Freagraí:

   a. – (i); b. – (iii); c. – (ii); d. – (i); e. – (iii); f. – (ii)

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Saibhreas teanga (Na haidiachtaí)

a) Freagraí:

| | **maith** | **casta** | **olc** | **sásta** | **deacair** | **te** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| an | an-m**h**aith | an-chasta | an-olc | an-sásta | an-deacair | an-te |
| ró | róm**h**aith | róchasta | ró-olc | róshásta | ródheacair | róthe |

- cuirtear séimhiú ar fhocail dar tús consan tar éis **an-** seachas focail a thosaíonn ar **d**, **l**, **n**, **s**, **t**.
- cuirtear séimhiú ar fhocail dar tús consan tar éis **ró** agus ní bhíonn fleiscín i gceist.
- bíonn fleiscín idir **ró** agus focail dar tús guta.

b) Freagraí:

| **Aidiacht** | **Breischéim / sárchéim na haidiachta** |
|---|---|
| maith | níos / is fearr |
| olc | níos / is measa |
| beag | níos / is lú |
| mór | níos / is mó |
| fliuch | níos / is fliche |
| fuar | níos / is fuaire |
| breá | níos / is breátha |
| álainn | níos / is áille |
| te | níos / is teo |
| saibhir | níos / is saibhre |
| deacair | níos / is deacra |

### 2: Cruinneas gramadaí (Ceisteanna san aimsir chaite)

Freagraí:

Cén áit **a raibh** an cheolchoirm ar siúl?
Cén cineál ceoil **a bhí** ann?
Cén lá **a bhí** sí ar siúl?

Cén dáta **a bhí** ann?
Cén t-am **a thosaigh** sí?
Cé mhéad **a chosain** ticéad?
Conas **is féidir** liom níos mó eolais a fháil?

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Tá na cártaí do dhuine A agus do dhuine B le fáil (agus le gearradh amach roimh an rang) ag deireadh na nótaí seo. Mínigh dóibh go bhfuil na rólghníomhaíochtaí seo bunaithe ar chuid B de scrúduithe cainte TEG.

Rólghníomhaíocht 1:
Tabhair cárta A do dhuine A, agus cárta B do dhuine B. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile. Caithfidh duine B ceisteanna a chur ar dhuine A chun an t-eolas ar fad a fháil agus na bearnaí ar an gcárta a líonadh. Abair leo go gcaithfidh siad úsáid a bhaint as an aimsir chaite. Abair leo freisin úsáid a bhaint as na ceisteanna a phléigh siad faoi Feasacht Teanga.

Rólghníomhaíocht 2:
Iarr orthu róil a mhalartú sa dóigh is nach mbeidh an duine céanna ag cur na gceisteanna. Tabhair cárta A do dhuine A, agus cárta B do dhuine B. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile. Caithfidh duine B ceisteanna a chur ar dhuine A chun an t-eolas ar fad a fháil agus na bearnaí ar an gcárta a líonadh. Abair leo go gcaithfidh siad úsáid a bhaint as an aimsir chaite. Abair leo freisin, úsáid a bhaint as na ceisteanna a phléigh siad faoi Feasacht Teanga.

### 2: Scríobh

Iarr orthu postáil ghearr a scríobh faoi throid chicdhornálaíochta nó faoi chluiche cispheile. Is leor cúig abairt nó mar sin.

Rólchártaí le gearradh amach:

**Rólghníomhaíocht 1**

| Duine A | Duine B |
|---|---|
| ***Troid chicdhornálaíochta***<br>*An Seomra Mór*<br>*Óstán an Ardoileáin*<br>*Gaillimh*<br><br>*Troid do chraobh éadrom-mheáchain ISKA na hÉireann*<br><br>Dé Sathairn, 22 Samhain 2025<br>7pm<br>Ticéad: €10<br>Gach eolas: www.ISKAEIRE.ie | ***Troid chicdhornálaíochta***<br>*Áit:*<br>______________________________<br><br>*Cad é:*<br>________________________________________<br>____________________<br><br>Lá agus dáta: __________________<br>Am: ___________<br>Ticéad: ___________<br>Gach eolas: __________________ |

******************************

**Rólghníomhaíocht 2**

| Duine A | Duine B |
|---|---|
| ***Cluiche cispheile***<br>*An Halla Spóirt*<br>*Pobalscoil an Deiscirt*<br>*Cathair Chorcaí*<br><br>*Corn Náisiúnta Faoi 18*<br><br>Dé hAoine, 21 Samhain 2025<br>3pm<br>Ticéad: Saor in aisce<br>Gach eolas: +353 (0) 21 169 1164 | ***Cluiche cispheile***<br>*Áit:*<br>______________________________<br><br>*Cad é:*<br>________________________________________<br>____________________<br><br>Lá agus dáta: __________________<br>Am: ___________<br>Ticéad: ___________<br>Gach eolas: __________________ |